Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Meitheamh 2026
(OR. en)

10885/26

SOC 416
EMPL 223
ECOFIN 862
UEM 300
EDUC 280
COMPET 808
ENV 793
ENER 424
JAI 860
GENDER 114
JEUN 157
SAN 504

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | NÓTA MÍNIÚCHÁIN ÓN gCOMHAIRLE – Doiciméad a ghabhann leis na Moltaí ón gComhairle chuig na Ballstáit faoi Sheimeastar Eorpach 2026<br>- *Formheas* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta míniúcháin a ghabhann leis na Moltaí ón gComhairle chuig na Ballstáit faoi Sheimeastar Eorpach 2026.

**(dréacht) Nóta míniúcháin**

*Doiciméad a ghabhann leis na Moltaí ón gComhairle chuig na Ballstáit faoin Seimeastar Eorpach*

In Airteagal 29 de Rialachán 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle, luaitear an méid seo a leanas: '*Mar riail ghinearálta, táthar ag dréim go ndéanfaidh an Chomhairle beart de réir na moltaí agus na dtograí ón gCoimisiún nó go ndéanfaidh sí a seasamh a mhíniú go poiblí*'..

Leis seo, i dtaca leis an riail 'comhlíon nó mínigh' sin, cuireann an Chomhairle i láthair na mínithe seo a leanas ar na leasuithe a comhaontaíodh ar na moltaí ón gCoimisiún le haghaidh moltaí tírshonracha maidir leis na Ballstáit i gcomhthéacs Sheimeastar Eorpach 2026, nach bhfuil an Coimisiún ar aon intinn faoi.

Chomhaontaigh an Chomhairle freisin roinnt nithe breise mar aon le leasuithe fíorasacha nó teicniúla ar mholtaí le tacaíocht iomlán ón gCoimisiún.

---

**Sliocht as moladh tírshonrach 3 don tSeicia**

*An téacs ón gCoimisiún*:

Feabhas a chur ar sholáthar tithíochta inacmhainne agus sóisialta trí ról na n-earnálacha poiblí agus neamhbhrabúis a leathnú agus trí úsáid níos éifeachtúla na tithíochta atá ann cheana a spreagadh trí athchóirithe maoine agus cánach ioncaim.

*An téacs a comhaontaíodh*:

Feabhas a chur ar sholáthar tithíochta inacmhainne agus sóisialta trí ról na n-earnálacha poiblí agus neamhbhrabúis a leathnú agus trí úsáid níos éifeachtúla na tithíochta atá ann cheana **[...]**

Míniú:

Measann an Chomhairle gur ról comhlántach, den chuid is mó, is ceart a bheith ag na bearta cánach chun feabhas a chur ar inacmhainneacht tithíochta, nuair a bhíonn tionchar ag tosca struchtúracha eile air sin.

**Sliocht as moladh tírshonrach 3 don Liotuáin**

*An téacs ón gCoimisiún*:

Rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear trí iomaíocht i seirbhísí airgeadais a spreagadh, leachtacht an mhargaidh caipitil a fheabhsú, rannpháirtíocht níos mó i margaí airgeadais a spreagadh, agus scéimeanna pinsin fhorlíontaigh cistithe a neartú.

*An téacs a comhaontaíodh*:

Rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear trí iomaíocht i seirbhísí airgeadais a spreagadh, leachtacht an mhargaidh caipitil a fheabhsú, rannpháirtíocht níos mó i margaí airgeadais a spreagadh, **[...]**

Míniú:

I gcás na Liotuáine, ní aontaíonn an Chomhairle leis an moladh go neartófaí scéimeanna pinsin fhorlíontaigh chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú do FBManna, ós rud é gur beag a rannchuidigh siad le rochtain ar mhaoiniú sa tír sin agus an coigilteas ag tarlú lasmuigh den Aontas.